# Pacáiste eolais d’iarrthóirí



**Teagascóir Scileanna Innealtóireachta Muirí**

**An dáta deiridh a nglacfar le hIarratais:**
**13 Samhain 2025**



**Is comhlacht leathstáit neamhthráchtála é BIM a bunaíodh go foirmiúil faoi reacht (An tAcht Iascaigh Mhara, 1952). Gníomhaireacht de chuid Stát na hÉireann é BIM atá freagrach as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Is gníomhaireacht de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus de chuid líonra Ranna Rialtais eile, gníomhaireachtaí leathstáit, páirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta mara é BIM.**

Tá ceithre aonad gnó san eagraíocht: Seirbhísí Teicniúla Bia Mara, Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta, Seirbhísí Eacnamaíocha agus Straitéiseacha, agus tacaíonn an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin leo sin. Tá Ceannoifig Bhord Iascaigh Mhara i nDún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath. D'fhonn tacú leis an earnáil bia mara, tá cuid d'fhoireann BIM lonnaithe go straitéiseach sna pobail cois cósta a mbíonn siad ag freastal orthu, lena n-áirítear oifigí i nGaillimh agus sna Cealla Beaga. Ina theannta sin, tá dhá Choláiste Náisiúnta Oiliúna BIM lonnaithe sa Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall agus i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí.

Ta sé d'aidhm ag straitéis BIM feabhas a chur ar iomaíochas earnáil bia mara na hÉireann trí iomaíochas earnáil bia mara na hÉireann trí iomaíochas earnáil bia mara na hÉireann trí dhíriú ar na príomhthosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas:

- Ceannaireacht a stiúradh agus a chothú
- Torthaí a chur ar fáil le réitigh a bhfuil tionchar acu ar athrú a dhéanamh
- Infheistíocht a dhéanamh I bhfás fadtéarmach
- An comhshaol agus an earnáil a chosaint

### Ár Misean

Tacú le luach a mhéadú maidir le hearnáil inbhuanaithe bia mara na hÉireann, ar fud an tslabhra soláthair, ó ghabháil go dtí an tomhaltóir, agus sin a éascú.

### Ár bhFís

Rachaimid i gcomhpháirtíocht le hearnáil bia mara na hÉireann le rún agus le práinn chun na hathruithe atá de dhíth a aithint agus a chur chun cinn le go mbeidh an todhchaí inbhuanaithe.

### Ár Luachanna

- Iontaobhas
- Comhpháirtíocht
- Obair Foirne
- Cuimsiú
- Ionracas



## Cuntas ar an Ról

| | |
|---|---|
| Teideal an phoist: | Teagascóir Scileanna Innealtóireachta Muirí (AOF) |
| Conradh: | Lánaimseartha; Fad Éiginnte |
| Áit: | Coláiste Náisiúnta Iascaigh BIM, Baile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí |
| Struchtúr Tuairiscithe: | Príomhoide, NFCI de chuid BIM, Baile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí |
| Grúpa Seirbhíse: | Seirbhísí Corparáide |
| Cur síos ar an nGrúpa Seirbhíse cuí: | Cuireann Seirbhísí Corparáide tacaíocht, pleanáil agus riarachán ar fáil a bhaineann le hAirgeadas, TFC, Acmhainní Daonna, Soláthar, Saoráidí, Seirbhísí Infheistíochta agus líonra Ice Plant laistigh de BIM. |

## Achoimre ar an Ról

Is post lánaimseartha buan é seo atá lonnaithe i gColáiste Náisiúnta Iascaigh na hÉireann (NFCI) de chuid BIM i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí. Soláthraíonn NFCI de chuid BIM, Baile Chaisleáin Bhéarra, oiliúint, scrúdú agus measúnú ar fáil le haghaidh oiliúint mhuirí de réir an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire (STCW) arna aithint ag an Roinn Iompair.

Tá NFCI mar chuid d’Fhoireann Scileanna BIM san Aonad Seirbhísí Corparáideacha agus tá sé ríthábhachtach chun pearsanra muirghabhála a oiliúint don tionscal bia mara. Tá sé mar aidhm ag NFCI gealltanais BIM a chomhlíonadh maidir le scileanna ar feadh an tsaoil a sholáthar d’oibrithe muirí san earnáil. Dá bhrí sin, comhlíonann post an Teagascóra Scileanna Innealtóireachta Muirí ról ríthábhachtach sna daoine sin in earnáil bia mara na hÉireann a fhorbairt agus a uasoiliúint tuilleadh.

.



## Cúlra leis an Riachtanas

Tá NFCI mar chuid d'Fhoireann Scileanna BIM san Aonad Seirbhísí Corparáideacha agus tá sé ríthábhachtach chun pearsanra muirghabhála a oiliúint don tionscal bia mara. Tá sé mar aidhm ag NFCI gealltanais BIM a chomhlíonadh maidir le scileanna ar feadh an tsaoil a sholáthar d'oibrithe muirí san earnáil. Dá bhrí sin, comhlíonann post an Teagascóra Scileanna Innealtóireachta Muirí ról ríthábhachtach sna daoine sin in earnáil bia mara na hÉireann a fhorbairt agus a uasoiliúint tuilleadh.

## Freagrachtaí

- Ábhair a fhorbairt, oiliúint a sholáthar agus measúnú foghlaimeoirí a dhéanamh le haghaidh oiliúint a bhaineann leis an tionscal iascaireachta, lena n-áirítear na cúrsaí seo a leanas:
  - Próisis agus Oibríochtaí Innealtóireachta Muirí
  - Freagróir Garchabhrach
  - Cúram Liachta STCW ar Bhord Loinge
  - Comhrac Dóiteáin Mhuirí 3 Lá agus 5 Lá STCW
  - Garchabhair Liachta STCW
  - Bunoiliúint Sábháilteachta BIM
  - Cúrsaí de chuid Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann d'Oiliúnaithe Soithí Iascaireachta
  - Oiliúint Fheabhsaithe Sábháilteachta
- Oiliúint Sábháilteachta Tionscail Iascaireachta a sholáthar nó cabhrú leis an oiliúint sin a sholáthar agus a mheasúnú, lena n-áirítear:
  - Próisis Innealtóireachta Muirí
  - Freagróir Garchabhrach
  - Cúram Liachta STCW ar Bhord Loinge
  - Comhrac Dóiteáin Mhuirí 3 Lá agus 5 Lá STCW
  - Garchabhair Liachta STCW
  - Bunoiliúint Sábháilteachta BIM
  - Cúrsaí de chuid Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann d'Oiliúnaithe Soithí Iascaireachta
  - Oiliúint Fheabhsaithe Sábháilteachta
- Coinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí oiliúna agus faoi chaighdeáin tionscail
- Rannchuidiú le dearcadh comhroinnte i leith ábhar oiliúna agus eolas oiliúna
- Trealamh oiliúna a ullmhú
- Úsáid CANVAS mar uirlis foghlama cumaisc a spreagadh
- Cloí le ceanglais an Chórais Bainistíochta Cáilíochta: ISO 9001



- Cloí le nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta BIM agus le haon cheanglais dearbhaithe cáilíochta ó chomhlachtaí seachtracha dámhachtana: Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann agus an Roinn Iompair

**Eile:**

Aon dualgais ghaolmhara eile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil go réasúnach agus a d'fhéadfaí a shannadh ó am go chéile a dhéanamh.


***Nótaí Sláinte agus Sábháilteachta:**

Ós rud é go bhfuil baint ag an ról seo le roinnt gnéithe den Oiliúint Sábháilteachta Dóiteáin a sholáthar, beidh ar an Teagascóir Scileanna Innealtóireachta Muirí gaireas análaithe a úsáid le linn cleachtaí oiliúna le foghlaimeoirí i ndálaí rialaithe laistigh den Aonad Oiliúna Dóiteáin.

De bhreis ar an méid thuas, ní mór don duine dul faoi Dheimhniú Liachta Maraithe ENG11, rud a athnuafar gach dhá bhliain, agus faoi aon scrúdú liachta eile a mheasfar a bheith infheidhme maidir le cleachtas sábháilte i soláthar oiliúna sábháilteachta dóiteáin agus in oibriú innealra. Ní mór don duine Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a chur i gcrích freisin.

**Meastar na critéir seo a leanas a bheith riachtanach don ról seo:**

- Scileanna cumarsáide an-éifeachtach agus an-soiléir, idir chumarsáid ó bhéal agus chumarsáid i scríbhinn, a léiríonn an cumas chun dul i gcion ar dhaoine agus tionchar a imirt orthu ag gach leibhéal.
- Ní mór Deimhniú Inniúlachta a bheith i seilbh an duine – Deimhniú Inniúlachta Innealtóra Mhuirí STCW (Soithí atá á gCumhachtú ag Mótar) (nó a choibhéis mhuirí)
- Leibhéal 6 de chuid Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann - Teastas 'Oiliúint don Oiliúnóir' nó cáilíocht agus taithí teagaisc choibhéiseach.
- Láncheadúnas tiomána glan.
- Tabhair faoi deara go gcuirfear oiliúint ar fáil go hinmheánach chun go dtiocfaidh an duine chun bheith ar dhuine de na daoine seo a leanas:
    - Teagascóir BA in Oiliúint Dóiteáin STCW.
    - Teagascóir Teicnící Marthanais Phearsanta STCW.
    - Teagascóir Garchabhrach STCW.



- Tacú le tuairisciú agus anailís a dhéanamh ar oiliúint agus ar an líon mac léinn.
- A bheith eolach ar na córais riachtanacha uile agus a bheith inniúil iontu chun oibriú sábháilte agus gairmiúil an aonaid agus soláthar clár oibre a chumasú, lena n-áirítear córas cáilíochta ISO de chuid BIM, córais Sláinte agus Sábháilteachta, an córas soláthair agus oibríochtaí atá sonrach don Aonad Oiliúna Cósta.
- Cúrsaí a reáchtáil agus a sheachadadh go sábháilte trí sheicliostaí gaolmhara a chomhlánú agus iad a thaifeadadh.
- Aon dualgais ghaolmhara eile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil agus a d'fhéadfaí a shannadh ó am go chéile a dhéanamh.
- Cabhrú le hoiliúint chomhraicthe dóiteáin STCW in NFCI, Baile an Chaisleáin Bhéarra, de réir mar is gá.

## Taithí agus Cáilíochtaí Riachtanacha

- Ní mór Deimhniú Inniúlachta a bheith i seilbh an duine – Deimhniú Inniúlachta Innealtóra Mhuirí STCW (Soithí atá á gCumhachtú ag Mótar) (nó a choibhéis mhuirí)

*Nóta - Chun an méid thuas a shealbhú, ní mór na nithe seo a leanas a bheith críochnaithe ag an duine cheana féin:*

- Cúrsaí Cosc Dóiteáin agus Comhrac Dóiteáin STCW / Cúrsaí Ardchomhrac Dóiteáin STCW
- Cúrsa Teicnící Marthanais Phearsanta STCW
- Cúrsa Garchabhrach Bunúsaí STCW
- Cúrsa Garchabhrach Liachta STCW
- Scrúdú Liachta Maraithe ENG11
- Tréimhse shuntasach ama ar muir
- Córas dearbhaithe cáilíochta – Córas ISO agus Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
- *Cuirfear oiliúint ar fáil go hinmheánach chun go dtiocfaidh an duine chun bheith ar dhuine de na daoine seo a leanas:*
  - *Teagascóir BA in Oiliúint Dóiteáin STCW*
  - Teagascóir Teicnící Marthanais Phearsanta STCW
  - Teagascóir Garchabhrach PHECC/FAR

Sainaithneofar riachtanais oiliúna trínár gCóras Bainistíochta Feidhmíochta freisin.

Sula ndéanfar cúrsaí oiliúna a chur ar fáil do mhic léinn an Choláiste:-

- Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána sula dtosaíonn siad a bhfostaíocht le BIM de bharr an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015
- Oiliúint Éagsúlachta
- Clár Ríomhfhoghlama 'Tús Áite do Leanaí' de chuid Tusla
- Cur amach ar chóras dearbhaithe cáilíochta BIM
- Cur amach ar innealra NFCI, Baile Chaisleáin Bhéarra
- Cúrsa teastais Teagascóra Láimhsithe Shábháilte



- Cúrsa Teagascóirí Freagróirí Garchabhrach
- Cúrsa Teagascóra PST
- Cúrsa oiliúna agus Teagascóra BA in iompraíocht dóiteáin urrainne
- Oiliúint sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)

Mar gheall ar chineál na hoibre cúrsa, tá sé riachtanach go mbeadh Deimhniú Liachta Mara (ENG11) bailí ag an duine. Ní mór é sin a athnuachan gach dhá bhliain.

Scrúduithe liachta a bhaineann le Láimhsiú Sábháilte, le Comhrac Dóiteáin agus le hOibriú Innealra.

Tá an ról seo lonnaithe inár gcoláiste i mBaile Chaisleáin Bhéarra, agus sealbhóir an róil ag obair i bhfoireann bheag de ghnáth. Dá bhrí sin, níl mórán riosca ag baint leis an ról seo, ach ba cheart na nithe seo thíos a chur san áireamh:

- **Tiomáint (taisteal):** Cé NACH réamhriachtanas don phost seo é tiomáint, is rud ócáideach é taisteal (tiomáint) chuig cruinnithe foirne agus chuig cúrsaí oiliúna, etc. (thart ar 5% den ról iomlán), agus míleáiste bliantúil measta is mó ná 2,000 km i gceist leis.

- **Oiliúint Dóiteáin:** Ós rud é go bhfuil baint ag an ról seo le roinnt gnéithe den Oiliúint Sábháilteachta Dóiteáin a sholáthar, beidh ar shealbhóir an róil gaireas análaithe a úsáid le linn cleachtaí oiliúna le foghlaimeoirí i ndálaí rialaithe laistigh den Aonad Oiliúna Dóiteáin.

- ***Obair le hInnealra Ceardlainne:*** Úsáid a bhaint as innealra amhail deileanna, meaisíní muilleála, druileanna, meilteoirí agus táthairí, etc.



## Tréithe pearsanta atá de dhíth don phost

- Ceannaireacht:
- Glacann sé/sí dearcadh fadtéarmach i leith a c(h)uid oibre féin agus breithníonn sé/sí cúrsaí is faide ná gnáthchúrsaí laethúla.
- Glacann sé/sí cur chuige solúbtha i leith athruithe.
- Samhaltaíonn sé/sí cleachtais oibre den scoth agus cuireann sé/sí oiliúint ar dhaoine eile trí chóitseáil, trí mheantóireacht agus trí aiseolas.
- Socraíonn sé/sí treo soiléir agus spriocanna soiléire.

- Dírithe ar Thorthaí:
- Tugann sé/sí an-aird ar a f(h)reagrachtaí agus ar a s(h)ocrú spriocanna agus comhlíonann sé/sí ionchais agus spriocanna socraithe ar bhonn comhsheasmhach.
- Ceistíonn sé/sí cineálacha cur chuige atá ann cheana ar bhealach cuiditheach ar mhaithe le díriú ar sholáthar.
- Tá sé/sí in ann cinntí deacra a dhéanamh chun na torthaí deiridh a bhaint amach agus tá sé/sí toilteanach le déanamh amhlaidh.

- Sofhreagrúlacht agus Inoiriúnaitheacht:
- Tá sé/sí in ann dul in oiriúint do chúraimí agus cásanna a bhíonn ag athrú agus tá sé/sí toilteanach le déanamh amhlaidh.
- Úsáideann sé/sí a b(h)reithiúnas chun dul in oiriúint do riachtanais shonracha agus athraitheacha na heagraíochta.
- Treoraíonn sé/sí daoine eile trí sholúbthacht agus sofhreagrúlacht a léiriú san áit oibre.

## Teagmhálaithe

| | |
|---|---|
| Laistigh de BIM | Gach comhghleacaí laistigh den Aonad Scileanna agus ar fud na heagraíochta i gcoitinne, lena n-áirítear foireann chósta réigiúnach. |
| Lasmuigh de BIM | Oifig na Suirbhéireachta Muirí, mar chuid den Roinn Iompair. |



## Téarmaí agus Sochair

### Tuarastal

Beidh luach saothair de réir Scála Tuarastail ceadaithe na Roinne Airgeadais don Earnáil Phoiblí, le réimse tuarastail €58,847 - €74,112 (amhail an 1 Lúnasa 2025) sa bhliain dáilte go comhréireach i ndáil leis an am a oibreofar. Ag an gcéad phointe iontrála ar an scála a cheapfar an t- iarratasóir a n-éireoidh leis mura bhfuil an t- iarratasóir fostaithe laistigh de na Seirbhísí Poiblí faoi láthair.

Déanfar ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair díot mura bhfuil tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí i láthair na huaire (nó mura raibh tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí le sé mhí anuas). Tá Scéim Tuarastail agus Pinsin faoi réir ag gnásanna faofa earnála poiblí agus glacann cuntas ar sheirbhís le déanaí san earnáil phoiblí ag teacht le himlitreacha agus rialacha ábhartha.

### Saoire Bhliantúil

Is é 29 lá oibre in aghaidh na bliana pro-rata chun an t-am a oibríodh a léiriú an teidlíocht saoire bliantúla atá ag gabháil leis an ról seo. Níl Laethanta Saoire Poiblí san áireamh i dteidlíochtaí saoire bliantúla. Ní mór gach lá saoire a bheith ceadaithe roimh ré ag do bhainisteoir nó ag a n-ionadaí údaraithe i gcomhréir le polasaithe saoire BIM.

### Clár Cúnaimh d'Fhostaithe

Cuireann BIM seirbhís EAP atá 100% faoi rún agus neamhspleách ar fáil trí Spectrum a chuireann comhairle ghairmiúil agus neamhchlaonta, eolas agus comhairleoireacht ar fáil ar réimse saincheisteanna lena n-áirítear ceisteanna dlí, airgeadais agus sláinte. Tá an tseirbhís sin saor in aisce d'fhostaithe agus tá sí ar fáil freisin do gharghaolta leat.

### Seirbhís Sláinte Ceirde

Oibríonn BIM le soláthraí seirbhíse Sláinte Ceirde neamhspleách a chuireann tacaíocht agus comhairle ar fáil d'fhostaithe a bhfuil tinneas orthu nó riocht sláinte ag dul dóibh atá ag cur isteach ar a gcumas obair a dhéanamh.

### Aonad Fístaispeána

Is féidir le fostaithe suas go €117 a fháil ar ais ar thástáil súl.

### Taisteal agus Cothú

Íoctar costais taistil agus chothaithe le fostaithe a bhfuil orthu taisteal i gcomhréir le rátaí ceadaithe.

### Scéim Coigilteora Cánach

Is féidir le fostaithe a thaistealaíonn chuig an obair ar an gcóras iompair phoiblí leas a bhaint as Ticéad Coigilteora Cánach bliantúil chun méid suntasach airgid a shábháil ar chostais taistil.

### An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre

Is féidir le fostaithe a thagann chuig an obair ar rothar nó a bhíonn ar rothar le linn cuid den turas leas a bhaint as an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre.



### An Bealach le hiarratas a dhéanamh:

Ba chóir C.V. iomlán chomh maith le litir iarratais agus a Foirm Iarratais Folúntais BIM chomhlánaithe ina ndéantar cur síos ar thaithí agus scileanna a bhaineann leis an bpost, a sheoladh ar ríomhphost chuig:

jobs@bim.ie

### An dáta deiridh a nglacfar le hIarratais:

**13 Samhain 2025**

Tabhair ar aird go bhféadfadh níos mó ná céim agallaimh amháin a bheith i gceist leis an bpróiseas earcaíochta don ról seo agus go bhféadfadh BIM iarraidh ar na hiarratasóirí a roghnaítear cur i láthair gearr a dhéanamh ar ábhar a bheidh roghnaithe roimh ré ag céim an agallaimh dheiridh. Tabhair ar aird nach nglacfar le hiarratais a bheidh déanach.

Grád Ardoifigeach Feidhmiúcháin agus tá Bord Iascaigh Mhara ag teacht le Samhail Inniúlachta na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí Inniúlachtaí PAS

### Úsáid Sonraí

Ní bhainfear úsáid as na sonraí pearsanta ná an fhaisnéis go léir a chuirtear ar aghaidh leis an iarratas seo ach chun críche an fheachtais sin agus don fheachtas sin amháin, agus déanfar na sonraí agus an fhaisnéis a scriosadh ansin i gcomhréir le Polasaí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an sceideal coinneála sonraí atá againn.

Caithfear le gach faisnéis go huile agus go hiomlán faoi rún agus ní bheidh rochtain ar an bhfaisnéis sin ach ag na daoine sin a bhfuil baint dhíreach acu leis an bhfeachtas

Ba cheart aon cheist maidir leis an ról seo a sheoladh ar ríomhphost chuig jobs@bim.ie

*Is fostóir comhdheiseanna é BIM, agus táimid tiomanta do chinntiú go bhfuil rochtain iomlán agus chothrom ag gach iarrthóir earcaíochta, mar is féidir a sholáthar le réasún. Má theastaíonn aon tacaíocht nó cóiríocht uait mar chuid den phróiseas earcaíochta, déan teagmháil linn go díreach ag HRinbox@bim.ie.*

Investors in Diversity SILVER